An Club Leabhar

Le tacaíocht Bhríd Ní Mhóráin eagraítear Club Leabhar uair sa mhí do mhuintir na háite gur mhaith leo breis léitheoireachta Gaeilge a dhéanamh. Beidh an chéad seisiún eile ar an Luan 17 Eanáir 2011 sa Mhúsaem i mBaile an Fheirtéaraigh. Is é an leabhar a bheidh á phlé ná ***An Béal Bocht*** le Myles na gCopaleen. Bhí leabhar le Seán Sheáin Í Chearnaigh - ***An tOileán a Tréigeadh*** fé chaibidil i mí na Nollag 2010. Tá léirmheas ar an leabhar sin ar fáil anseo. Thaitin an leabhar go mór le gach éinne go raibh sé léite acu.

Leabhar Nollaig 2010 - Léirmheas le Bríd Ní Mhóráin, Scríbhneoir Cónaitheach

An tOileán a Tréigeadh
Seán Sheáin Í Chearnaigh
Sáirséal agus Dill

Tugann Seán Sheáin Í Chearnaigh cuntas beo bríomhar ar shaol an Oileáin agus na n-oileánach insan sárleabhar, ***An tOileán a Tréigeadh.*** Cuireann sé síos ar an tslí go raibh an fharraige - a féile agus an callshaoth a bhain léi, fite fuaite i ngach gné de bheatha mhuintir an Bhlascaoid. 'Gach ceard mar a mheathann raghaidh sí ag iascach - ní raibh a mhalairt de rogha acu. Mhol sé an Francach, Peter Trehiou, a thóg ón mbochtanas iad don gcéad uair ach ar cheannaigh sé na gliomaigh uathu.

Bhí ana-mhórtas cine ag baint leis, é chomh mórtasach as muintir Chearnaigh, an chéad dream a tháinig chun cónaithe san Oileán. Inseann sé dúinn conas mar a shábháil a sheanmháthair beirt mhairnéalach ón mbás agus i dtaobh dhánaíocht na mná eile a lean an bhean agus a leanbh a bhí ag scréachaigh san oíche go dtí gur chuaigh í as radharc ag tobar na hAille? Bhí an saol eile chomh cóngarach dóibh is a bhí an fharraige a chuir greim ina mbéal agus a chruthaigh lón na samhlaíochta dóibh, fiú chuir sí ceol ar veidhlíní raice ar fáil dóibh. Fiú,d'fhéadfaí a mhaíomh gur ón bhfarraige a tháinig a gcuid ceoil mar chruthaíodar veidhlíní as adhmad raice. Ní raibh aon mheas ag Seán Sheáin ar an ngamall tíre/gamall cnoic, sicíní a bhí iontu taobh leis na 'lachain' ón Oileán!

Tagann meon an bhéaloidis i leith na mban chun cinn: gheobhfaí bean ar amhrán maith; ná spárail do bhean ná do chapall mar beidh mná agus capaill inár ndiaidh. Bhí an lámh in uachtar sa tigh ag an bhfear mar a léiríonn an caibidil Filleadh Fuar - chuireadh an fear a bhean is a leanbh amach as an dtigh nuair a bhuaileadh an drochghiúmar é agus bhí fear eile oiriúnach chun a bhean a mharú toisc aincis tobac a bheith air!

'Sé an léiriú is fearr ar laochas na n-oileánach ná scéal *An Collach Dubh agus an Drochlá*. Ainneoin go raibh sé ag séideadh ina stoirm agus an fharraige bhán ghléigeal ag Faill Cliath, insa tslí nárbh fhéidir leo dul i dtír ann, thug captaen agus criú an Collach Dubh fén dturas farraige chun an

sagart a thabhairt ón nDaingean go dtí an seanduine a bhí ag saothrú an bháis ar an Oileán, éacht ceart.

Tá foclóir agus téarmaíocht anso a bhaineann le ré eile, foclóir i dtaobh an iascaigh agus na farraige atá dulta i léig ó theip slite beatha traidisiúnta na leithinise, m.sh. 'Feicisí móra is ea na cúráin....' Ní cás duit an foclóir a bheith id' aice agus an leabhar so á léamh agat, is fiú an tairbhe an trioblóid.